# TRAIDISIÚN DE MHACHNAMH NEAMHSPLEÁCH

Coláiste na hOllscoile Corcaigh
University College Cork, Ireland

# TUARASCÁIL AN UACHTARÁIN
2021/2022



# Clár

Réamhrá an Uachtaráin 3
Ollscoil Chónsasctha 4
Bliain in COC 5
Rangú 6
Fís, Misean agus Luachanna 7
COC 2022: Ag soláthar Ollscoil Chónasctha 8

Foghlaim Chónasctha 10
Taighde agus Nuálaíocht Chónasctha 14
Eispéireas Cónasctha na Mac Léinn 20
Daoine Cónasctha 23
Campas Cónasctha 26
Cónascadh lenár bPobal 32
Cónasctha le haghaidh Inbhuanaitheachta 34
Cónasctha: Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú 36

Airgeadas 39
Cumasú Ceangal 43
Ballraíocht an Choiste Rialaithe 45
Spléachadh ar COC 46



# Réamhrá an Uachtaráin



Cúis áthais dom is ea é tuarascáil bhliantúil Choláiste na hOllscoile Corcaigh a chur faoi bhur mbráid le haghaidh bhliain acadúil 2021/2022.

Scríobhadh an dá thuarascáil roimhe seo nuair a bhí comhthéacs an-dúshlánach sa stair seo againne mar chúlra acu agus sinn ag tabhairt aghaidh ar thionchar na paindéime domhanda. Mórchúis mhórtais dom gach ar bhain COC amach le linn an ama sin mar aon le tiomantas ár gcuid mac léinn, ball foirne, alumni agus cairde, rud a d'fhág gur thángamar amach an taobh eile agus béim curtha againn ar athrú dearfach. Dearbhaíodh i measúnuithe neamhsIpléacha go raibh na cuir chuige a ghlac COC ó thaobh an leanúnachais ghnó de le linn na tréimhse sin ar ardchaighdeán.

Le linn na bliana seo caite, agus an t-athrú straitéiseach *COC 2022: Ag Soláthar Ollscoil Chónasctha* á cur i bhfeidhm againn, bhíomar in ann dul i ngleic leis na dúshláin a bhí romhainn agus sinn ag iarraidh teagasc, taighde agus caidreamh ar ardchaighdeán a chur ar fáil. Tá an raon tionscnamh a luaitear sa tuarascáil seo mar léiriú ar an tslí inar imir baill uile phobal COC páirt ghníomhach i gcur i gcrích na gcuspóirí seo.

Díríodh go háirithe le linn an ama seo ar Todhchaíochtaí COC a fhorbairt agus a fheidhmiú. Seoladh é seo i mí na Nollag 2021 agus baileoidh sé le chéile líon mór taighdeoirí i ngach ceann de na deich réimse théamacha chun go gcuirfimid le cumas fad is a bhímid ag tacú le taighdeoirí aonair. Seoladh feachtais eacraithe i dtrí cinn de na deich réimse seo le linn na bliana acadúla 2021/2022: Na Daonnachtaí Feasta; Inbhuanaitheacht; agus Bia, Micribhithóm agus Sláinte. Treiseoidh Todhchaíochtaí COC an cumas atá ann cheana féin agus déanfaidh sé cumas agus acmhainneacht nua a mhealladh. Ina theannta sin, tacóidh sé le soláthar taighde ar ardchaighdeán agus aistreofar an taighde sin chun tionchar follasach a imirt ar an domhan. Tá sé fós mar thiomantas againn foghlaim agus teagasc a chur ar fáil atá bunaithe ar thaighde agus a spreagann fiosracht inár gcuid mac léinn. D'éirigh go maith linn i Rangú de chuid QS World University agus Times Higher Education. Tá dul chun cinn nach beag déanta ag tionscadal ionchuimsitheach COC chun deimhin a dhéanamh de go gcuirimid eispéireas foghlama ar fáil dár gcuid mac léinn uile atá ionchuimsitheach agus cothrom.
Le linn na bliana acadúla 2021/2022, chuireamar lenár dtiomantas do chruthaitheacht, nuálaíocht agus cleachtadh i gcomhar nuar a seoladh ár bplean nua ealaíon agus cultúr Dlús a chur le *Féith na Cruthaitheachta in COC*. Leagtar amach sa phlean seo fís shoiléir le bheith aitheanta ar fud an domhain mar an rogha ollscoile ó thaobh an eispéireis chultúrtha den chéad scoth in Éirinn de, tacóidh an plean seo le rochtain, ionchuimsitheacht agus mothú an tsuaimhnis. Le linn na bliana seo bhaineamar leas as ár mbuanna cultúrtha, ealaíne agus cruthaitheacha chun Other Voices: Bringing it all back home a óstáil ar ár gcampas stairiúil. Oíche iontach a bhí i gceist le ceol a craoladh beo ón Aula Maxima agus a bhí ar taispeáint ar RTÉ ina dhiaidh sin. Chomh maith leis sin, d'óstáil COC Comhdháil Chogadh na gCarad in Éirinn; agus léiríodh clár faisnéise ceannródaíoch ar an gcogadh cathartha in Éirinn, bunaithe ar Atlas of the Irish Revolution, i gcomhar le RTÉ mar chuid de chomóradh Dheich mBliana na gCuimhneachán.

Tá tionchar nach beag ag an gcogadh san Úcráin ar mhuintir na tíre sin agus d'éalaigh siad ina mílte ón gcoimhlint sin go hÉireann ar thóir a dtearmainn. Tá stair fhada ag COC maidir le caidreamh acadúil ar fud an domhain agus mar Ollscoil Tearmainn táimid ag obair chun cúnamh praiticiúil a chur ar fáil dóibh siúd ar mhian leo leanúint lena gcuid oideachais anseo. Dóibh siúd a thgann chugainn ón Úcráin, tá Scéim Ánrachta Tearmainn forbartha againn mar aon le gearrchúrsa chun tacú le teifigh.

Leanaimid orainn mar cheannairí chun athrú a spreagadh go dtí todhchaí inbhuanaithe, agus bhí COC ar an aon Ollscoil Éireannach a raibh an stádas aige mar bhreathnóir ag Comhdháil um Athrú Aeráide na Náisiún Aontaithe (COP26) sa bhliain 2021 i nGlaschú, mar a raibh toscaisreacht de mhic léinn agus baill foirne COC i láthair. Bhí COC fós mar an instiúid ardoideachais is inbhuanaithe in Éirinn sa bhliain seo chomh maith, agus chuamar áit amháin níos airde go dtí an t-ochtú hait i Rangú Domhandanda Ollscoileanna UI GreenMetric. Chomh maith leis sin bhuaigh COC Gradam mar Mhór-Eagraíocht Inbhuanaithe na Bliana ag Dámhachtainí Gnó Inbhuanaithe PWC Business Post. Agus sinn ag cur leis an mbonn láidir inbhuanaitheachta atá againn cheana, i mí Mheán Fómhair 2022, bunaíodh an Oifig um Inbhuanaitheacht agus Athrú Aeráide, a thuairiscíonn go díreach chuig an Uachtarán, d'fhonn a chinntiú go mbainfear amach ina n-iomláine ár gcuspóirí inbhuainaitheachta uaillmhianacha. An dul chun cinn atá déanta againn maidir lenár bhfís, mar aon leis na gaiscí a luaitear sa tuarascáil, ní bheidís bainte amach againn gan buanna, saineaols, tiomantas agus díograis ár mball foirne agus an Choiste Rialaithe. Bhí tiomantas soiléir le feiceáil anuraidh ó COC maidir le timpeallacht ionchuimsitheach agus mheasúil a sholáthar inar féidir leis na baill foirne agus na mic léinn go léir dul chun cinn agus forbairt a dhéanamh, agus comhairliúcháin de chuid EDI sa tsiúl ar fud an champais leis an bhfoireann agus le mic léinn.

Ba mhian liom an deis seo a thapú chun buíochas a chur in iúl do gach ball de phobal COC as an méid a chuir siad lenár mbonn láidir a ndéanfaimid forbairt air sna blianta amach romhainn chun oideachas a chur ar lucht saothair an lae amárach agus chun todhchaí níos fearr a chinntiú do chách.

An tOllamh John O'Halloran



Uachtarán
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

# Ollscoil CHÓNSASCTHA



# Bliain in COC

## Líon na Mac Léinn

**24,195**
Líon Iomlán na Mac Léinn Cláraithe

**91%**
Ráta Coinneála
(Mic Léinn na Chéad Bhliana)

**22%**
Mic léinn ar Chosáin Rochtana

**7,221**
Bronnadh Céimeanna

**€102.1 milliún**
Ioncam Taighde Dhírigh

Níos mó ná
**200k**
Alumni ar fud an Domhain

# Bliain in COC

## Áit sna Ranguithe

| | | |
|---|---|---|
| QS World University Rankings | **303** | Ar Bhonn Domhanda sna *QS World University Rankings.* |
| THE Impact Rankings | **62** | Sna *Times Higher Education World University Impact Rankings.* |
| UI GreenMetric | **8** | An tOchtú hOllscoil is inbhuanaithe ar Domhan (*UI GreenMetric*) |
| THE World University Rankings | **251-300** | Banda sna *Times Higher Education World University Rankings.* |



## Ábhar/Disciplíní a bhí sa chéad 150 de Rangú Ábhar Domhanda

| Rangú QS World University de réir Ábhair | |
|---|---|
| **Ábhar nó Disciplín** | **Rangú Domhanda** |
| Altranas | **41** |
| Talmhaíocht agus Foraoiseacht | **59** |
| Cógaisíocht agus Cógaseolaíocht | **66** |
| Dlí | **75** |
| Anatamaíocht agus Fiseolaíocht | **101-140** |
| Teanga agus Litríocht an Bhéarla | **101–150** |

| Rangú Shanghai Global de réir Ábhair | |
|---|---|
| **Ábhar nó Disciplín** | **Rangú Domhanda** |
| Teicneolaíocht agus Eolaíocht an Bhia | **51–75** |
| Altranas | **51–75** |
| Fiaclóireacht agus Eolaíochtaí Béil | **51–75** |
| Leigheas Cliniciúil | **101–150** |
| Sláinte Phoiblí | **101–150** |
| Eolaíochtaí Cógaisíochta agus Cógaseolaíochta | **101–150** |



# ÁR bhFÍS

A bheith mar ollscoil cheannródaíoch ina bhfuil smaointeoirí neamhspleácha.

# Ár Misean

Eolas a chruthú, a thuiscint agus a roinnt agus é a chur i bhfeidhm ar mhaithe le cách.

# Ár Luachanna

Tá ár mbunluachanna mar threoir dár ngníomhartha agus dár bpróisis agus mar thaca leo:

- Cruthaitheacht
- Trédhearcacht
- Saoirse Tuairimíochta
- Comhionannas
- Meas
- Freagrúlacht
- Léann
- Ionracas
- Éagsúlacht
- Ionchuimsiú



# COC 2022

## AG SOLÁTHAR OLLSCOIL CHÓNASCTHA

## COC 2022: Ag soláthar Ollscoil Chónasctha

**COC 2022: Ag soláthar Ollscoil Chónasctha** a thóg áit an dá bhliain dheireanacha de phlean 2017. *Machnamh Neamhspleách - Comh-Mhian.* Leagtar amach ann tosaíochtaí téamacha de straitéis na hollscoile, trasna cúig cinn de philéir théamacha a bhfuil baint acu lena chéile:

- Foghlaim agus Teagasc;
- Taighde agus Nuálaíocht;
- Rathúlacht na Mac Léinn;
- Daoine agus Cultúr Eagraíochtúil; agus
- Bonneagar agus Acmhainní.

Le linn na bliana seo, rinneadh dul chun cinn suntasach sna cúig réimse, lena n-áirítear:

Seoladh **Máistirphlean Digiteach COC**, an chéad mháistirphlean mar seo, i mí Mheán Fómhair 2021, inar leagadh amach an tacaíocht a thabharfaidh seirbhísí digiteacha in COC tacaíocht do theagasc, foghlaim agus taighde agus a thacóidh le daoine cónascadh leis an teicneolaíocht chun ár gcuid gníomhaíochtaí go léir a threisiú.

Seoladh an **Straitéis um Meabhairshláinte agus Folláine na Mac Léinn** i mí Dheireadh Fómhair 2021 agus é mar aidhm aici bonneagar tacaíochta bunaithe ar riachtnais a chruthú ar fud an champais agus lasmuigh de, chun an cúram cuí a sholáthar do mhic léinn san áit chuí ag an am cuí. Tá cur i bhfeidhm na straitéise seo mar chuspóir lárnach na hinstitiúide.

Sáraíodh bunscóip na hoibre seo, agus stiúraigh meitheal deich réimse tosaíochta taighde straitéisigh le haghaidh COC. Seoladh **Todhchaíochtaí COC** i mí na Nollag 2021 chun straitéis earcaithe acadúil nuálach a chur ar fáil i ndáil leis na réimsí téamacha seo chun bonn a thógail ar mhaith le teacht aniar eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha agus ar mhaithe le rathúnas.

Reáchtáladh **Comhairliúchán EDI um Luachanna agus Cultúr** go luath sa bhliain 2022. Bhí sé mar aidhm ag an bhféinmheasúnú seo machnamh a spreagadh mar aon le tuiscint ar an gcultúr in COC agus mar bhonn eolais le haghaidh gníomhaíochtaí atá dírithe ar chultúr dearfach san áit oibre a chothú.

Rinneadh athbhreithniú ar leagan amach ar na foráis agus an dul chun cinn acadúil in COC agus forbraíoch creat critéar maidir le **Scéimeanna Foráis agus Ardaithe Céime** feabhsaithe. Tháinig na scéimeanna ardaithe céime nua i bhfeidhm i mí Márta na bliana 2022 agus seoladh an Próiseas le dul os Cionn an Bhaic i mí Bealtaine na bliana céanna.

Seoladh uirlis féinmheasúnaithe de chuid thréithe an chéimí dar teideal **Your UCC Graduate Attributes and Values Compass (Your Compass)** mar aon le raon leathan d'eispéiris foghlama do mhic léinn i mí Mheán Fómhair 2022. Ó mhí Mheán Fómhair 2023, agus iad ag clárú go bliantúil, déanfaidh na mic léinn go léir féinmheasúnú mar dhearbhú ar an bhforbairt atá déanta acu ar luachanna agus tréithe ina gcuid eispéiris oideachais agus saoil.



# Foghlaim CHÓNASCTHA



## Iontráil na Mac Léinn

Nuair a tháinig laghdú ar shrianta COVID-19, tháinig athrú láithreach ar mhéid agus éagsúlacht phobal mhic léinn COC chomh maith le hathruithe eile a bheidh ann tar éis na paindéime is cosúil.

**Iontráil Fochéimithe**
Tháinig 3,883 go dtí COC ón CAO (An Lár-Oifig Iontrála) le haghaidh na bliana acadúla 2021/2022. Gné shuntasach den phaindéim is ea an líon ard scoláirí a ghnóthaíonn pointí arda san Ardteistiméireacht. Sa bhliain 2018, ghlac an ollscoil le 96 mac léinn a ghnóthaigh 600 pointe ach sa bhliain 2021, bhí 424 mac léinn a fuair an scór ard seo.

**3,882** **Mac Léinn Fochéime tríd an CAO.**

Tá an fairsingiú grád seo tar éis cur isteach ar phointí na gclár. In 2018 agus 2019, bhí trí chlár ann inar éilíodh 550 pointe ach in 2021 bhí cúig cinn déag de chláir i gceist. Tháinig méadú dá bharr ar líon na gclár a bhí ag brath ar roghnú randamach, agus sa bhliain 2021, bhí deich gcinn de chláir i gceist ina raibh gá le roghnú randamach sa chéad sraith de thairiscintí CAO.

Gné eile den phaindéim ab ea eisiúint dhéanach thorthaí na hArdteistiméireachta, rud a d'fhág nach raibh ach dhá shraith de thairiscintí déanta sular cuireadh tús leis an seimeastar. Cé go mbíonn an chuid is mó de mhic léinn ar an gcúrsa cuí faoin tráth sin, fágtar fós cúpla céad mac léinn a fhaigheann tairiscintí le haghaidh clár tar éis dháta tosaithe sheimeastar a haon. Ciallaíonn amhlaidh chomh maith go bhfuil seimeastar níos dlúithe ag mic léinn na chéad bhliana go léir, rud atá dúshlánach go maith dóibh.

**Iontráil Iarchéimithe**
Thit líon na mac léinn iarchéime múinte on AE go dtí 2,361 ó líon ard de 2,936 le linn an ordaithe dianghlasála in 2020. Sa bhliain 2020, tháinig méadú de nach mór 1,000 ar líon an mac léinn iarchéime agus léiríonn laghdú na bliana seo go bhfuiltear ag filleadh ar an ngáthphatrún. Tá líon na mac leinn iarchéime níos airde fós ná mar a bhí in 2018 agus 2019. Glacadh le 301 mac léinn idirnáisiútna fochéime sa bhliain 2021, 280 níos mó ná in 2020, rud a léiríonn méadú seasta in aghaidh na bliana - gan aon chur isteach de dheasca na paindéime. Tá méadú leanúnach leis i líon na mac léinn iarchéime idirnáisiúnta ón mbliain 2018 seachas sa bhliain 2020 le linn na paindéime. Tháinig méadú ar an líon seo in 2021 ó 445 go dtí 643. Mar fhocal scoir, cé gur imir an phaindéim tionchar diúltach ar líon na mac léinn Erasmus agus ar Cuairt, tá an líon sin ag fás arís.

## Comhtháthú Taighde, Teagaisc agus Foghlama

Leanann an tIonad um Chomhtháthú Taighde, Foghlama agus Teagaisc (CIRLT) ag cur feabhais san Fhoghlaim agus sa Teagasc chun cinn. Forbraíodh dhá chlár nua sa bhliain seo: Teastas i bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach san Oideachas Digiteach; agus Teastas Iarchéime i gCleachtas agus Ceannaireacht Ghairmiúil san Ardoideachas. Lean CIRTL leis an Teastas Iarchéime agus an Dioplóma Iarchéime dá chuid mar aon le Máistreacht sa Teagasc agus Foghlaim san Ardoideachas agus 92 mac léinn cláraithe le linn bhliain na tuarascála.



## Oideachas Digiteach

Agus athbhreithniú téamach déanta ar Theagasc agus Measúnú le Teicneolaíocht in COC, bunaíodh Fóram Ceannaireachta um Oideachas Digiteach chun oideachas digiteach a fhorbairt san ollscoil. Aithníodh mar mhórthosaíocht go bhforbrófaí Plean um Oideachas Digiteach agus cuireadh tús le dul i gcomhairle le pobal na hollscoile i mí Márta 2022. Táthar ag súil go mbeidh an plean seo ullamh faoi mhí Meithimh 2023. Chuir an tIonad um Oideachas Digiteach sceideal iomlán ar fáil de dheiseanna oiliúna don fhoireann mar aon le hacmhainní le linn na bliana seo agus ina theannta sin leanadh leis an bhforbairt ar shócmhainní teagaisc a fhorbairt chomh maith le huasdátuithe a bhí mar chúnamh don fhoireann i gcomhthéacs an teagaisc le linn phaindéim COVID-19 agus ina diaidh.


**Luach Theagasc agus Fhoghlaim na hÉireann**
Seoladh an chéad Seachtain de chuid Luach Theagasc agus Fhoghlaim na hÉireann i mí na Samhna 2021, agus bhí CIRTL freagrach as obair COC a chur i láthair ag an gclár imeachtaí náisiúnta. Reáchtáladh sraith de chainteanna, ceardlanna agus turais ar líne agus ar bhonn fisiciúil ar fud COC. Orthu seo seoladh gearrchúrsa náisiúnta ar Fhoghlaim Phobail Ghafa agus suaitheantais dhigiteacha i dtaca le Feasacht agus Foghlaim agus Teagasc an Uathachais le Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.

**Aosoideachas Leanúnach**
An 75ú bliain ó bhliain a bunaithe ab ea 2021/2022 don Ionad um Aosoideachas Leanúnach (ACE) in COC. Sa lá atá inniu ann, cuireann ACE níos mó na 120 cúrsa ar fáil d'fhoghlaimeoirí fásta ó ghearrchúrsaí áineasa go dtí cáilíochtaí creidiúnaithe ó Leibhéal 6 go dtí Leibhéal 9 de chuid an NFQ (an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí). Tá ACE sa roth stiúrtha ar mhaithe le COC nuair a thagann sé go dtí glaonna maoinithe Springboard+ an HEA agus ghnóthaigh sé níos mó ná €1 mhilliún mar mhaoiniú sa bhliain 2021 chun 12 chúrsa pháirtaimseartha a chur ar fáil i bhFómhar 2021.

**Ionad na Scileanna**
Oibríonn Ionad na Scileanna chun eispéireas na mac léinn a fheabhsú ach ceardlanna agus seisiúin shaincheaptha a chur ar fáil do mhic léinn. D'éascaigh an tIonad 12,204 seisiún caidrimh le mic léinn, agus níos mó ná 800 coinne duine le duine, 294 iarratas aisioncranach agus níos mó ná 10,000 imeacht seachtainiúil ar líne le mic léinn. Ar bhuaicphointí na bliana acadúla tá:

- forbairt Shuaitheantas nua an Ionracais Acadúil;
- seisiúin acadúla maidineacha Sathairn do mhic léinn Aosoideachais Leanúnaigh;
- bronnadh níos mó ná 300 suaitheantas digiteach ar mhic léinn;
- forbairt an Tionscnaimh **Rathúlacht na Mac Léinn.**

**An Lárionad Teanga**
Nuair a cuireadh deireadh le srianta COVID-19, tháinig moratóir de chuid Rialtas na hÉireann chun críche ar víosaí le haghaidh saoránaigh neamh-AE chun taisteal ar mhaithe le staidéar a dhéanamh ar an mBéarla. Mar thoradh air sin, chuir an Lárionad Teanga tús arís le gníomhaíocht trádála le linn bhliain na tuarascála seo agus mic léinn ag teacht ón gCóiré Theas, ón Araib Shádach, ón Albáin mar aon leis an bhFrainc, an Iodáil agus Poblacht na Seice.



## Dámhachtainí an Uachtaráin um Fheabhas Teagasic

Tá an scéim dámhachtainí seo ar an scéim is sine in Éirinn den sórt seo agus aithnítear inti sáriarrachtaí na foirne teagaisc d'fhonn deimhin a dhéanamh de go bhfaigheann mic léinn COC an t-eispéireas is fearr foghlaim agus teagasc. Bronnadh gradaim ar na daoine seo leanas sa bhliain 2021:

| Ainm | Scoil/Roinn |
|---|---|
| **An Dr Philipp Hoevel** | Scoil na nEolaíochtaí Matamaiticiúla |
| **An Dr Frank Cowley** | Roinn na hEacnamaíochta |
| **An Dr Aoife Daly** | Scoil an Dlí |
| **An Dr Hannah Daly** | Scoil na hInnealtóireachta |
| **Eugenia Bolado Colina** | An Roinn Spáinnise, Portaingéilise agus Staidéir Mheiriceá Laidinigh |
| **UW0005 Foireann Teagaisc 'na hInbhuanaitheachta'.** | Foireann ildisciplíneach ó raon aonad acadúil agus tacaíochta. |

**Feabhsú Riarachán na Mac Léinn agus na hAcadúlachta**
Seasann Clár Chóras Riaracháin na Mac Léinn don infheistíocht is mó dá ndearna COC riamh ar a eastát digiteach. Tá an clár oibre uaillmhianach seo sna céimeanna deireanacha de chúig cinn de chórais riaracháin nua a chur i bhfeidhm mar aon le mór-uasghrádú teicniúil de Chóras Thaifid na Mac Léinn. Cheana féin, tá an t-infheistiú seo ag athrú an tslí ina mbainistíonn an ollscoil a réimse curaclam agus ina dtacaíonn sí le gach céim de thimthriall saoil na mac léinn ó chéim na hearcaíochta, na hiontrála, an chreidiúnaithe, sholáthar an chórais go dtí bronnadh na céime. Tá tábhacht nach beag leis an infheistiú seo mar go bhfuil sé tar éis feabhas as cuimse a chur ar chumais eagraíochtúla COC i mbainistiú tionscadal agus atharaithe.

**Tionscdadal *MicroCreds***
Tionscadal uaillmhianach cúig bliana atá i gceist le ***MicroCreds*** (2020-2025) ar úsáid na micri-chreidiúintí san ardoideachas, faoi stiúir ag Cumann Ollscoileanna Éireann (IUA) faoi Philéar 3 - Nuálaíocht agus Lúfaireacht - de Thionscnamh um Chaipiteal Daonna de chuid an HEA. Tá roinnt micri-chreidiúintí, ceann píolótach san áireamh, á bhforbairt in COC faoi láthair. Forbrófar cinn eile amach anseo. Cuireann micri-chreidiúintí go mór le dea-theist na hollscoile agus a traidisiún den fhoghlaim fadsaoil.

**60+** **micri-chreidiúint á bhforbairt in COC.**



# Taighde agus Nuálaíocht

CHÓNASCTHA



## Taighde agus Nuálaíocht Chónasctha

**Beartú Tosaíochta Taighde**
Seoladh **Todhchaíochtaí COC**, clár de bheartú tosaíochta taighde i ndeich gcinn de réimsí a bhfuil tábhacht straitéiseach leo, i mí na Nollag 2021. Cónascann an clár uaillmhianach seo taighdeoirí a bhíonn ag plé le disciplíní éagsúla chun taighde a sholáthar a théann i ngleic le dúshláin dhomhanda agus a chinntíonn todhchaí inbhuanaithe do chách.


| Todhchaíochtaí COC - Réimse Téamach | Seoladh |
|---|---|
| **Saotharlann na nDaonnachtaí Fréamhaí (Cuid de na Daonnachtaí Digiteacha)** | Mí na Nollag 2021 |
| **Inbhuanaitheacht** | Mí Iúil 2022 |
| **Micribhithóm agus Sláinte an Bhia** | Mí na Samhna 2022 |
| **An Leigheas Feasta** | Mí na Nollag 2022 |
| **Todhchaíochtaí Sóisialta i gComhar** | Mí Márta 2023 |
| **An Chógaisíocht Feasta** | Mí Aibreáin 2023 |
| **Candam agus Fótónaic** | Samhradh 2023 |
| **Leanaí (Seoladh Téamach)** | Samhradh 2023 |
| **AI (Intleacht Shaorga) agus Anailísíocht Sonraí** | Fómhar/Geimhreadh 2023 |
| **Aosú agus Eolaíocht Inchinne** | Fómhar/Geimhreadh 2023 |

**Ioncam Taighde**
Shroich ioncam taighde le linn bhliain na tuarascála €102.1 milliún, méadú de níos mó ná 7% ar an mbliain roimhe sin (€95 milliún) sna Coláistí agus na hIonaid taighde go léir. Tá géarghá le maoiniú ón AE chun misean taighde COC a chur i gcrích agus bronnadh 58 dámhachtain de chuid Horizon Europe (€33 milliún) le linn na tréimse sin. Tháinig COC sa chéad áit ó thaobh ioncam na tionsclaíochta de sa bhliain seo chomh maith (€11.5 milliún).

Tagann an chuid is mó den mhaoiniú ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann i gcónaí le haghaidh ghníomhaíochtaí taighde COC. Bronnadh maoiniú ar thaighdeoirí sciliúla atá ag tosnú amach faoi Chlár Cosáin SFI-IRC (€3.2 milliún) agsu bronnadh €6.8 milliún ar 12 thionscadal taighde faoin gclár Frontiers for the Future. Ghóthaigh triúr taighdeoirí maoiniú, in ainneoin na géariomaíochta, ó Chomhairle Taighde na hEorpa (€4.75 milliún) sa bhliain 2021:

- An **Dr Lijuan Qian** (An Scoil Scannánaíochta, Ceoil agus Amharclannaíochta).
- An **Dr María Rodriguez Aburto** (APC Micribhithóm Éireann agus An Roinn Anatamaíochta agus Eolaíochta Néarchórais).
- An **Dr Piotr Kowalski** (Scoil na Cógaisíochta agus APC Micribhithóm Éireann).

**€3.2 millliún**
**mar Mhaoiniú Cláir Chosáin SFI-IRC.**





**Nuálaíocht**
Le deich mbliana anuas, tá tacaíocht tugtha ag Nuálaíocht COC do chruthú gnólachtaí nua faoi scáth *Gateway UCC*, rud a chabhraíonn le gnólachtaí faoi stiúir ag taighdeoirí agus a chruthaíonn níos mó ná 450 post. Tiomsaíodh infheistíocht ar bhonn poiblí agus príobháideach de níos mó ná €50 milliún. Cothaíonn IGNITE gnólachtaí nuathionscanta ón gcéad smaoineamh go dtí bunú na gnólachta agus thacaigh sé le níos mó ná 120 ceann de ghnólachtaí nuathionscanta faoi stiúir ag céimithe, rud a chruthaigh 250 post agus a ghnóthaigh maoiniú de níos mó ná €16 mhilliún. Sa bhliain 2022, bronnadh an creidiúnú ISO9001:2015 ar Nuálaíocht COC a bhuí lena gnáthaimh aistrithe faisnéise.

Ar thorthaí na bliana 2022 bhí:

**57 fionnachtain nochtaithe**

**Cláraíodh 14 phaitinn nua**

**Síníodh 31 ceadúnas, rogha agus socrúchán**

**Seoladh dhá Mhac-Chuideachta de chuid COC**

**Thacaigh an clár IGNITE le 20 gnólacht nuathionscanta atá faoi stiúir ag céimithe**

**120** mac-chuideachta fochéime a fuair tacaíocht ó chlár IGNITE.

**450 post** cruthaithe ag *Gateway UCC*, i gcuideachtaí taighdeora.

**250 post** cruthaithe ag clár IGNITE a chothaíonn mac-chuideachtaí.

**Ollscoileanna na gCathracha Iarthionsclaíocha**
Tháinig COC le chéile le seacht n-ollscoil Eorpacha eile, faoi thionscadal UNIC (Ollscoileanna na gCathracha Iarthionsclaíocha), chun dearbhú comhpháirteach a shíniú d'fhonn comhoibriú taighde a fhorbairt le comhpháirtithe na sochaí a chuireann leis an tuiscint ar cheisteanna a théann i bhfeidhm ar an bpobal ar bhonn áitiúil, réigiúnach agus domhanda.

**Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe**
Imríonn taighde na hollscoile ról ríthábhachta chun Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a bhaint amach ar fud na tíre agus an domhain. Mar ollscoil bunaithe ar thaighde agus atá iomaíoch ar bhonn domhanda, cuireann COC le fás gheilleagar eolasbhunaithe na hÉireann, agus nuálaíochtaí agus réitigh á bhforbairt aige chun dul i ngleic le dúshláin dhomhanda ó thaobh na forbartha inbhuanaithe de. Sa bhliain 2022, tugadh faoi thionscadal uile-ollscoile chun taighde COC a mhapáil ar Chuspóirí Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus chun feasacht a thiomsú mar gheall ar na SDGanna sa phobal taighde. Léiríonn seo tionchár an taighde seo againne ar dhul i ngleic leis na SDGanna agus na gníomhartha atá ar bun ag taighdeoirí COC.


**Torthaí Taighde**
Le linn na bliana atá faoi chaibidil, bhí taighde de chuid COC le feiceáil sna hirisí móra lena n-áirítear:

- ***Nature*** (An tOllamh John O'Halloran, Uachtarán, agus an Dr Aude Cincotta agus an tOllamh Maria McNamara, An Scoil Eolaíochtaí Bitheacha, Domhainchórais agus Comhshaoil) agus
- ***Science*** (An tOllamh Pádraig Ó Macháin, Scoil Léann na Gaeilge).

Foilseacháin Taighde:

- **2,853 foilseachán taighde**
- **105,343 tagairt ( 2019 -2021)**
- **Comhoibriú le 4,338 institiúid in 164 tír (57.8% de na foilseacháin)**
- **An chéad áit in Éirinn ó thaobh na dtagairtí de (tionchar taighde) sa Times Higher Education World University Rankings.**
- **An chéad áit in Éirinn maidir le taighdeoirí a ndéantar mórán tagairtí dóibh i Rangú Shanghai 2022.**
- **14 taighdeoirí ar liosta Clarivate's Highly Cited Researchers 2022 (40% de líon iomlán na dtaighdeoirí Éireannacha)**



**Dámhachtainí Taighde 2021**
Tugadh aitheantas do sheachtar is fiche, idir thaighdeoirí agus fhoirne, as an méid a chuir siad le taighde agus nuálaíocht ag leibhéal áitiúil, náisiúnta agus domhanda. Bronnadh fiche catagóir.

| Gradam | Buaiteoir |
|---|---|
| **Taighdeoir na Bliana, 2021** | An tOllamh Justin Holmes (Scoil na Ceimice) |
| **Luath-Thaighdeoir na Bliana, 2021** | An Dr Carlos Garrido Castellano (An Scoil Teangacha, Litríochtaí agus Cultúr)<br>An Dr María Rodriguez Aburto (An Roinn Anatamaíochta agus Eolaíochta Néarchórais) |
| **Duine Tacaíochta Taighde na Bliana, 2021** | An Dr Louise Burgoyne (Institiúid Náisiúnta Tyndall) & an tUas Saba Loftus (APC Micribhithóm Éireann)) |
| **Maoirseoir Taighde na Bliana, 2021** | An Dr Ronan Carbery (Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí) |
| **Cumarsáidí Taighde na Bliana, 2021** | An Dr Paul Deane (SFI Ionad MaREI/An Institiúid um Thaighde Comhshaoil) |
| **Nuálaí na Bliana, 2021** | An Dr Frank Peters (Scoil na Fisice) |
| **Gradam Taighde na hEolaíochta Oscailte, 2021** | An Dr Karen Matvienko-Sikar (Soil na Sláinte Poiblí) |
| **Tionscadal Comhairliúcháin na Bliana, 2021** | An Dr Karen Neville – An tIonad um Theacht Aniar agus Leanúnachas Gnó (CRBC) |
| **Cultúr um Iompar Freagrach Taighde a Chruthú, 2021** | An Coiste um Eitic Thaighde Shóisialta |
| **Foilseachán na Bliana ina raibh Mac Léinn Fochéime mar Údar, 2021** | Jennifer Murphy (Coláiste na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na nEolaíochtaí Sóisialta) & Thomas P. Sheerin (Institiúid Náisiúnta Tyndall) |
| **An Fhoireann Taighde is Fearr, 2021** | An Grúpa um Éiceolaíocht Mhuirí faoi stiúir ag an Dr Mark Jessop & An Grúpa Taighde um Chailliúint Toirchis faoi stiúir ag an Dr Keelin O'Donoghue |
| **Gradam Taighde Gaisce Gairme** | An tOllamh Ivan Perry (Scoil na Sláinte Poiblí) |
| **Íomhá Taighde 2021** | An Dr Vuslat Juska (Institiúid Náisiúnta Tyndall) |
| **Foireann Ceadúnais na Bliana 2021** | An Dr Anthony Morrissey, an Dr David McGovern, an tUas Ray Burke (Institiúid Náisiúnta Tyndall) |
| **Taighde Gafa na Bliana, 2021** | An tOllamh Brian Ó Gallachóir – Daingean 2030 (SFI Ionad MaREI) |
| **Gradam an Leas-Uachtaráin Taighde agus Nuálaíochta sa Taighde Idirdhisciplíneach, 2021** | An tOllamh Pádraig Ó Macháin (Scoil Léann na Gaeilge), an Dr Daniela Iacopino (Institiúid Náisiúnta Tyndall) |
| **Comhpháirtíocht Taighde na Bliana, 2021** | An Dr Gerard McGlacken ( Scoil na Ceimice) |
| **Mac-Chuideachta na Bliana, 2021** | An Dr Declan Soden (Mirai Medical) |
| **Gnólacht Nuathionscanta na Bliana, 2021** | Clare Meskill (Teleatherapy) |
| **Gradam an Uachtaráin um Thaighde a Imríonn Tionchar ar SDGanna, 2021** | An Dr Ger Mullally – Imagining 2050 (An Roinn Socheolaíochta agus Coireolaíochta |




**Institiúid Náisiúnta Tyndall**
Príomhchuspóir de straitéis Tyndall 2025 is ea an feabhas taighde, agus tá sárú leanúnach á dhéanamh againn ar chur chuige Tyndall i leith 'adaimh go córais' chun Taighde a sholáthar a imreoidh tionchar.

Fuair Taighdeoir SFI an tOllamh Dimitra Psychogiou an chéad Dámhachtain de chuid Chumann Micreathoinne na hEorpa (EuMA) dar teideal Gradam Roberty Sorrentino YP.

Fuair Taighdeoir SFI an tOllamh Stefan Andersson Engels an iliomad moltaí ag Dámhachtainí Chuman Léasair Leighis na hEorpa, gradam san áireamh mar aitheantas ar a chuid gaiscí ar feadh a shaoil.

Ar dhámhachtainí na mac léinn bhí:

- Páipéar na Bliana scríofa ag Mac Léinn bronnta ar **Andrea Pacheco** ag an gComhdháil Optica Biophotonics Congress: Biomedical Optics;
- **Arbresha Muriqi**, a ghnóthaigh an Gradam 'An Póstaer is Fearr' comdháil AVS ALD/ALE 2022
- mac léinn MCCI PhD **Zhongzheng Wang**, a fuair gradam mar an tÁbhar Dearthóra IC is Fearr de chuid *Analog Devices*

Ghnóthaigh Ray Duffy, Saibal Roy, Peter Parbrook/ Stefan Schulz agus Giorgos Fagas/Nikolay Petkov dámhachtainí ón SFI dar teideal SFI Frontiers for the Future and Partnership Awards. Bhuaigh Peter O'Brien gradam Ionad-go-hIonad de chuid an SFI as taighde candamach i dteileachumarsáid. Ar luath-thaighdeoirí ar bronnadh gradaim orthu, bhí Xing Ouyang a ghnóthaigh IRC Laureate agus Vuslat Juska a fuair gradam de chuid IRC/An Bhoird Taighde DOROTHY.




# Eispéireas CÓNASCTHA NA MAC LÉINN

## Rochtain agus Rannpháirtíocht

Trí Chosáin Rochtana a tháinig 22% de mhic léinn na chéad bhliana de chuid an CAO isteach sa bhliain 2021/2020. An iontráil ab airde a bhí i gceist le Bealach Rochtana Míchumais ar Oideachas (DARE) le 7%, agus 5% an ceann ón mBealach Rochtana ar Ardoideachas (HEAR), Mic léinn Lánfhásta agus QQI (Caighdeán agus Cáilíochtaí na hÉireann).

D'éascaigh Rochtain COC níos mó ná €2 mhilliún le haghaidh mac léinn mar thacaíochtaí airgeadais agus bhí 856 mac léinn in ann ríomhaire glúine a fháil a bhuí le Scéim Iasachta na Ríomhairí Glúine..

| Clárú Rochtain COC 2021/2022 | |
|---|---|
| Tacaíocht Mhíchumais | 1,777 |
| Mic Léinn Lánfhásta | 852 |
| Mic Léinn QQI/FE | 547 |
| Clár *Plus* | 796 |

## Gníomhaíochtaí na Mac Léinn

**Is Sinne COC**
Bhí bliain ghnóthach ag Clubanna, Cumainn, Piarthacaíocht agus Aontas na Mac Léinn le linn na bliana acadúla 2021/2022 agus iad páirteach sna hullmhúcháin le haghaidh an fheachtais Is Sinne COC. Dearadh an feachtas seo chun dlús a chur faoi eispéireas an champais an athuair le haghaidh mic léinn reatha agus mic léinn nua. Thug iomlán de 248 Ceannaire Piarthacaíochta níos mó ná 7,000 u.a.c. ar bhonn deonach.

**7,000** **u.a.c. ar bhonn deonach san Fheachtas Is Sinne COC.**

**Clubanna agus Cumainn**
Bhí 49 club gníomhach le níos mó ná 6,000 ball ar leith mar aon le 117 cumann ina raibh níos mó ná 12,000 ball. Reáchtáil Cumainn COC féile rathúil dar teideal Bain Triail As; a dearadh chun blaiseadh a thabhairt do mhic léinn idir reatha agus nua in COC ar an iliomad cumann atá ar fáil, agus bhailigh sé níos mó ná €200,000 le haghaidh carthanachtaí le linn na bliana. Cúis iontais na seacht gradam náisiúnta a bhuaigh Cumainn COC i mbliana.

**49** **Club Gníomhach.** **117** **Cumann Gníomhach.**





**Seirbhísí na nGairmeacha**
Le linn bhliain na tuarascála, ghnóthaigh Seirbhísí na nGairmeacha in COC Caighdeán Cáilíochta AGCAS, an dara hollscoil in Éirinn ar bronnadh amhlaidh uirthi. Bhuaigh Seirbhísí na nGairmeacha roinnt gradam mór le rá: an Straitéis is Fearr maidir le Tionchar Gairme ag Dámhachtainí Oideachais 2022, an gradam infhostaitheachta de chuid Chumann na Seirbhísí Gairme Ardoideachais (AHECS) as Comhpháirtíochtí Éifeachtacha a Chruthú, agus Dámhachtain Aitheantais de chuid COC in 2021. Seoladh an gradam infhostaitheachta de chuid Sheirbhísí na nGairmeacha, COC dar teideal EmployAgility Award Programme. I gcomhar le Seirbhísí na nGairmeacha, sheol Alumni agus Forbairt COC an chéad chlár meantóireachta i mí Dheireadh Fómhair 2021. I mí Bealtaine 2022, dhein COC a Chlár Meantóireachta a cheiliúradh agus athbhreithniú.

**An Mol á Oscailt**
I mí Bealtaine 2022, d'oscail An Taoiseach, Micheál Ó Máirtín, TD, an foirgneamh úrnua seo go hoifigiúil ar phríomhchampas COC mar ar labhair sé leis an slua a bhí bailithe chun na féidearthachtaí a cheiliúradh a bhaineann le tionchar an Mhoil ar ghlúnta mhic léinn COC atá le teacht.

Rinneadh athchóiriú ar Áras Windle agus cuireadh síneadh leis chun an Mol a chruthú, áit ina gcuirtí oiliúnt ar na mílte mic léinn leighis de chuid COC tráth. Is san fhoirgneamh athnuaite seo a fhaighter cuid mhaith de sheirbhísí na mac léinn i suíomh lárnach amháin den chéad uair riamh i stair COC, agus tá spás mór imeachta ann mar aon le spásanna foghlama solúbtha, spásanna staidéir ilúsáide, seomraí cruinnithe agus fuinneog a thugann éachtaint ar radharcanna áille champas na hollscoile agus chathair Chorcaí.

**170**
**bliain d'aois**

**Claochlú Áras Windle mar fhoirgneamh nua-aimseartha darb ainm An Mol.**

**Straitéis um Meabhairshláinte agus Folláine na Mac Léinn**
I mí Dheireadh Fómhair 2021, sheol an tAire Ardoideachais agus Breisoideachais, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Simon Harris, TD, an Straitéis um Meabhairshláinte agus Folláine na Mac Léinn de chuid COC. Tá sé mar aidhm ag an **Straitéis** seo bonneagar tacaíochta bunaithe ar riachtanais a chruthú ar fud an champais agus lasmuigh de, chun an cúram cuí a sholáthar do mhic léinn san áit chuí ag an am cuí.







# Daoine
## CÓNASCTHA



**Tionscnaimh Earcaithe**
Forbraíodh sa bhliain seo leis, cáipéis eolais le haghaidh iarrthóirí nua mar aon le micrea-shuíomh faoi réir ag an bpróiseas earcaithe le haghaidh poist shinsearacha .i. an Leas-Uachtarán agus an Cláraitheoir agus an Leas-Uachtarán um Chaidreamh Domhanda. Léiríonn an **micrea-shuíomh** COC mar rogha fostóir agus Corcaigh mar áit álainn oibre agus maireachtála mar aon le heolas ábhartha a chur ar fáil d'fhostaithe amach anseo.

Is suntasach gníomhaíochtaí an earcithe ar fud na hollscoile. Anuas ar an ngáthchlár earcaithe, thug Seirbhísí Lárnacha HR faoi phróisis éagsúla earcaithe painéal, a mheall líon mór iarrthóirí. Sa bhliain 2021, bhí trí phainéal TF i gceist chomh maith le painéal na nAtlraí Fiaclóireachta agus painéal na gCúntóirí Feidhmiúcháin.

**Folláine agus Forbairt**
Bhí COC ag díriú ar fholláine agus forbairt na foirne le linn na bliana sin i gcónaí. D'eisigh foireann Folláine agus Forbartha Roinn na nAcmhainní Daonna féilire cuimistheach d'imeachtaí folláine agus d'fhorbair sí breis imeachtaí folláine chomh maith. D'éascaigh an ollscoil ceardlanna méala le haghaidh ball foirne a ndeachaigh an bás i bhfeidhm orthu ag tráth ar bith ach go háirithe le linn na paindéime.

Glacadh le bearta chun tacú le baill foirne nua mar shampla, gréasáin phiarthachaíochta a bhunú, agus cuireadh tús le roinnt tionscnamh mar thaca le folláine mheabhairshláinte agus fhisiciúil na foirne agus sinn ag dul i ngleic fós leis na hathruithe tar éis na paindéime.

**Forbairt Cheannaireachta na Foirne**
Tá COC tiomanta d'infheistíocht a dhéanamh in oiliúint ceannaireachta le haghaidh baill foirne acadúla agus gairmiúla. Le linn bhliain na tuarascála seo, cuireadh tús le clár ceannaireachta píolótach arna fhorbairt i gcomhar le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Luimnigh, Ollscoil na hÉireann Gaillimh, Coláiste Ríoga na Máinlia in Éirinn, agus Ollscoil na Banríona, Béal Feirste. Clár le haghaidh daoine gairmiúla ag leibhéal an Bhainisteora Scoile a bhí i gceist. D'éascaigh foireann ghairmiúil agus acadúil de chuid COC ceardlanna chun '*Share your knowledge within the UCC community*'.

Forbraíodh oiliúint nua chomh maith chun tacú le baill foirne chun riachtanais na mac léinn a aithint agus chun freastal orthu. Cuireadh tús leis an tsraith Connect With chun béim a leagan ar an réimse éagsúil de thacaíochtaí atá ar fáil do bhaill foirne agus iad ag tacú le mic léinn agus chun soiléiriú níos fearr a thabhairt ar na tacaíochtaí seo don fhoireann.

**Tionscnaimh Taighde**
Tá tionscadal taighde nua ar bun idir COC agus seacht n-ollscoil comhpháirtíochta Eorpacha arna mhaoiniú faoi Chlár Oibre Polasaí Cheantar Taighde na hEorpa dar teideal *The Career Acknowledgement for Research (Managers) Delivering for the European Area (CARDEA)*. Cuirfidh an tionscadal seo le cuspóir an *Choimisiúin Eorpaigh* chun cumas straitéiseach eagraíochtaí taighde na hEorpa a fheabhsú. Seoladh an chomhpáirtíocht straitéiseach thras-Eorpach seo in COC i mí Meithimh 2022 agus infheistíocht de €1.4 milliún tagtha ón gCoimisiún Eorpach, an infheistíocht ba mhó riamh i dtaighde a thacaíonn le tionscnaimh na nAcmhainní Daonna in Éirinn.





**Dámhachtainí Aitheantais Fhoireann na hOllscoile**
Léiríonn Dámhachtainí 2021/2022 archdaighdeán suntasach na foirne ar fud COC agus an t-ardmheas atá ag na comghleacaithe orthu siúd a d'aimnigh siad.

| Gradam | Buaiteoir |
|---|---|
| The Frank McGrath Perpetual Award for Equality & Welfare | An Dr Laurence Davis (An Roinn Rialtais agus Polaitíochta) |
| Feabhsú Eispéireas na Mac Léinn | Seirbhísí na nGairmeacha, COC |
| Feabhsú Eispéireas na Mac Léinn | An Dr Therese Uniacke-Lowe (Scoil na nEolaíochtaí Bia agus Cothaithe) |
| Gradam an tSár-Shaoránaigh | An Dr Lekha Menon Margassery (Scoil na Micribhitheolaíochta) |
| Gradam an tSár-Shaoránaigh | An tOllamh (Scoil na Staidéar Sóisialta Feidhmeach) |
| Gradam Ceannaireachta | An Dr Ger Culley (Seirbhísí TF) |
| Gradam Ceannaireachta | An Dr Catherine O'Mahony (An tIonad um Chomhtháthú Taighde, Teagaisc agus Foghlama) |
| Gradam Tionchair | Michele Power (Clár Mhic Léinn Chumasacha Quercus) |
| Gradam Tionchair | Tom O'Mara (An tIonad um Oideachas Digiteach) |
| Gradam Tionchair | JP Quinn (Seirbhísí na gCuairteoirí, COC) |
| Gradam an tSár-Chomhghleacaí | Aaron Bolger (Scoil na Síceolaíochta Feidhmí) |
| Gradam an tSár-Chomhghleacaí | An Dr Barbara Doyle Prestwich (An Scoil Eolaíochtaí Bitheacha, Domhainchórais agus Comhshaoil) |
| Gradam an tSár-Chomhghleacaí | Tara Foley (An Roinn Anatamaíochta agus Eolaíochta Néarchórais) |



# Campas
## CÓNASCTHA

## Seirbhísí TF

**Cibear-Shlándáil**
Ag cosaint phobal na hollscoile ar chibear-bhagairtí an príomhthosaíocht atá ag Seirbhísí TF. Le linn na bliana seo caite, dúnadh 5,203 mórbhagairt slándála agus deineadh uasghrádú ar 400 freastalaí mar chosaint ó bhogearraí mailíseacha agus cibear-ionsaithe. Pléann níos mó ná 2,000 ball foirne in COC le hobair chumaisc, agus is féidir leo oibriú ar bhonn slán agus sábháilte.

**Oideachas Digiteach**
Tháinig fás le linn na bliana seo ar thairseach foghlama ar líne de chuid COC, Catalóg Canvas, go dtí 6,5000 clárú ó mhic léinn, a bhuí le hAosoideachas Leanúnach, Institiúid Bhainistíochta na hÉireann agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach. Seoladh an uair úd chomh maith Blackboard Ally, uirlis rochtana COC le haghaidh na timpeallachta foghlama fíorúla agus baineadh 488 leas as chun a gcuid rochtana ar ábhar ar líne a fheabhsú. Dáileadh 75 gléas le haghaidh cruinnithe hibrideacha chun tacú le foghlaim agus obair hibrideach le linn bhliain na tuarascála seo chomh maith.

**Seirbhísí Mac Léinn, Taighde agus Sonraí**
Phléigh Seirbhísí TF le 20,3095 iarratas ó mhic léinn in 2022 agus socraíodh 1,174 cás foirmiúil trí CRM (Bainistíocht Caidrimh Custaiméirí). Gnóthaíodh níos mó ná €400,000 mar mhaoiniú agus ioncam ar mhaithe le digitiú taighde in 2022. Bhain níos mó ná 20,000 úsáid as an tairseach nua ***UCC Apply*** chun iarratais a dhéanamh ar chláir iarchéime le linn na bliana céanna, rud a chruthaigh píblíne san earcaíocht iarchéime. Anuas air sin, próiseáladh níos mó ná 30,000 iarratas ar thras-scríbhinní ar líne le linn na bliana seo, rud a laghdaigh costais saothair agus a mhéadaigh sásamh na mac léinn.



**Leabharlann Boole**
Lean an leabharlann de bheith ag tacú le misean acadúil na hollscoile agus spásanna, seirbhísí agus bailiúcháin nuálacha á soláthar aici. Bhí an leabharlann ar oscailt 126 u.a.c. in aghaidh na seachtaine chun freastal ar phobal na mac léinn agus tá na haireanta oscailte is faide ag COC i gcomparáid le gach leabharlann acadúil eile ar fud na tíre. Chinntigh an leabharlann go raibh taithí iontach ar thaighde agus foghlaim hibrideach ag mic léinn ach seirbhísí pearsanta agus digiteacha á gcur i bhfeidhm aici.

**126 u.a.c.** **Uaireanta Oscailte Leabharlann Boole le haghaidh na mac léinn.**

**Cló Ollscoile Chorcaí**
Na trí fhoilseachán ba mhó ó Chló Ollscoile Chorcaí in 2021/2022 ab ea:


*The Book of the Skelligs* arna chur in eagar ag John Crowley agus John Sheehan (cuid de shraith bhuach Atlas)


*The Art and Ideology of Terence MacSwiney* arna chur in eagar ag Gabriel Doherty, Fiona Brennan agus Neil Buttimer;


agus *The Birds of County Cork* le Patrick Smiddy, Mark Shorten agus Russ Heselden.







## Forbairtí Caipitiúla

Lean clár caipitiúil na hollscoile ar aghaidh le linn bhliain acadúil 2021/2022 agus dul chun cinn suntasach déanta ar roinnt tionscadal gníomhach d'ainneoin éifeachtaí phaindéim COVID-19 mar aon leis na ceisteanna geopholaitiúla a bhí ag cur isteach ar shlabhra an tsoláthair ar fud an domhain agus boilsciú as cuimse ar chostais foirgníochta (13.4% in 2021). Saoráid iasachta Bhanc Infheistíochta na hEorpa a thacaíonn le clár dar luach €400 milliún mar bhonn leis an gclár caipitiúil go príomha. Tá na tionscadail chaipitiúla uile faoi réir ag cuspóirí straitéiseacha COC agus le hAthbhreithniú Mháistirphlean COC a deineadh in 2021. Ar na buaicphointí bhí:

- Le linn na gcéimeanna comhairilúcháin phoiblí, thiomsaigh COC aighneachtaí mar gheall ar **Dhréacht-Phleananna Forbartha Chathair Chorcaí agus Chontae Chorcaí** ar glacadh leo i samhradh na bliana 2022.
- Ceapadh foireann deartha ó Ailtirí RKD i mí na Nollag 2021 ar maithe le **Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí**. Cuireadh críoch le máistirphlean an tsuímh i Meitheamh 2022. Tá an dearadh forbartha ag dul ar aghaidh i gcónaí, agus táthar ag súil go gcuirfear isteach an t-iarratas pleanála le haghaidh na forbartha roimh dheireadh 2022.
- Rinneadh iarratas i mí Aibreán 2022 ar mhaoiniú tacaíochta dar luach €25 milliún ó Chiste Bhonneagar Straitéiseach an Ardoideachais (Timthriall 2) HESIF II chun athchóiriú a dhéanamh ar **Áras Eolaíochta Kane.** Táthar ag feitheamh ar thorthaí an mheasúnaithe ón HEA (An tÚdarás um Ard-Oideachas) faoi láthair.
- Leanadh le tógáil **Fhorbairt Nead an Phréacháin** le linn na bliana seo. Táthar ag súil go rachaidh mic léinn chun cónaí ann in 2023 agus go lonnófar saoráidí Shláinte na Mac Léinn ann chomh maith.







- D'fhaomh Comhairle Cathrach Chorcaí cead pleanála chun síneadh a chur le **hInstitiúid Náisiúnta Tyndall** i mí Márta 2022. Tá An Bord Pleanála ag plé le hachomharc ó thríú páirtí i láthair na huaire. Leanadh leis an dearadh mionsonraithe, agus táthar ag súil go lorgófar tairiscintí ach an faomhadh reachtúil iomlán a bheith faighte.

- Lorgaíodh tairiscintí chun **Scoil Chliniciúil agus Leighis Ollscoil Chorcaí**, a thógáil agus an faomhadh reachtúil ina iomláine faighte agus dearadh mionsonraithe déanta. Fuarthas tairiscintí i mí Iúil 2022 agus táthar ag plé leo sin ó shin.

- Tá sé mar sprioc na hearnála poiblí ag COC laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin de 51% faoin mbliain 2030. Tionscadal is ea **Iarfheistiú Domhain an Ionaid Fiontraíochta** atá mar dhara céim de chlár Pathfinder de chuid an HEA / SEAI (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann) ina ndéanfar iarfheistiú domhain ar an Ionad Fiontraíochta ar champas an Mheal Thuaidh (fabraic, teaschaidéal, srl). Fuarthas  agus ceapadh foireann deartha an tionscadail i mí na Nollag 2021 agus gnóthaíodh tacaíocht dar luach níos mó ná €3 mhilliún ón stát le haghaidh an tionscadail. Tugadh cead pleanála i mí an Mheithimh 2022. Tá an dearadh mionsonraithe ar siúil i gcónaí agus táthar ag súil go lorgófar tairiscintí go luath sa bhliain 2023.





- Leanann an ollscoil de bheith ag lorg thacaíocht an stáit chun dul i ngleic leis an mbearna idir an ciste atá ar fáil agus costas measta an tionscadail atá i gceist do **Scoil agus Ospidéal Fiaclóireachta na hOllscoile Corcaigh.**


- Ceapadh an fhoireann deartha le haghaidh an tionscadail phíolótaigh carbóin íosta le haghaidh **Halla Gleacaíochta Airéine na Muirdíge** i mí Eanáir 2022. Glacadh le faomhadh reachtúil an spáis oscailte $420m^2$ ar ulár amháin i samhradh na bliana 2022. Fuarthas tairiscintí i mí Iúil 2022 agus chuir an conraitheoir rathúil tús leis an tionscadal seo i mí Mheán Fómhair 2022.

- Tugadh cead pleanála don síneadh beag agus don athchóiriú ar **Amharclann na Gráinsí** i mí Meithimh 2022. Táthar ag lorg tacaíochta maoinithe ar bhonn gníomhach.

- Ceapadh an fhoireann deartha le haghaidh an tioncsadail **Iarfheistiú Thigh George Boole** agus táthar ag súil go gcuirfear tús leis an obair sin sa bhliain 2023 le húsáid ag BioHub Chorcaí.





# Cónascadh

## LENÁR BPOBAL



## Alumni agus Forbairt

Reáchtáladh roinnt imeachtaí ar líne, pearsanta agus hibrideacha lena n-áirítear Dámhachtainí Gaiscí Alumni, imeachtaí sa tsraith Cainteoirí Domhanda agus imeacht Chaibidil Bhaile Átha Cliath. Ar an iomlán, is léir ón mbliain 2021/2022 gur cúis dóchais é an fás atá tagtha ar shláinte daonchairdis na hollscoile, fás na tacaíochta corparáidí, agus caidreamh le alumni/páirtithe leasmhara.

**Feidhmiú Daonchairdis**
D'éirigh go maith le feachtais tiomsaithe airgid sa bhliain 2021/2022 agus ba mhór an toradh ar bhí ar an infhestíocht de €9.3 milliún a fuarthas mar ioncam mar aon le gealltanais nua nuair nach raibh ach €6 mhilliún mar sprioc. 271 deontóir ar fad a bhí i gceist (daoine aonair, comhlachtaí, iontaobhais agus fondúireachtaí) sa bhliain seo i gcomparáid le 185 sa bhliain 2020/2021. Ghlac 121 deontóir páirt den chéad uair, dúblú ar líon na ndeontóirí nua a furthas an bhliain roimhe. Ar an iomlán, bhí 959 bronntanas i gceist agus thug cuid de na deontóirí níos mó ná bronntanas amháin i gcaitheamh na tréimhse agus deontóirí eile a dhein síntiúis rialta. Shroich fónathon díreach, a mhair trí seachtaine, 768 alumni as ar tháinig gealltanais dar luach €84,000 le haghaidh Chiste Alumni COC, mheabharshláinte na mac léinn agus mar chúnamh do Scéim Árnachta Tearmainn COC (le haghaidh na foirne) agus do Scéim Scoláireachta Tearmainn (le haghaidh na mac léinn). Anuas air sin, shínigh cúigear alumni le bheith mar mheantóirí agus chláraigh ceathrar acu a gcuid spéise chun leagáid a fhágaint do COC ina gcuid uachtanna. D'fhreastail alumni ó ranganna 1970, 1971 agus 1972 a dteacht le chéile 50 Bliain agus den chéad uair tugadh cuireadh d'alumni páirt a ghlacadh le bronntanas ranga as ar tiomsaíodh níos mó ná €20,000. Maidir le bronntanais amach anseo, dhein daoine aonair fógraí dar luach €8.15 milliún a bhfuil sé i gceist acu bronntanas a thabhairt do COC ina gcuid uachtanna.

*Caidrimh Deontóirí agus Maoirseacht:* d'éirigh leis an ollscoil deontóirí a choinneáil chun tabhairt arís, rud a léiríonn an tábhacht a bhaineann le deontóirí a choimeád ar an eolas mar gheall ar thionchar agus luach a gcuid tacaíochta. Bhí níos mó ná 300 caidreamh saincheaptha le deontóirí. Reáchtáil Fondúireacht Ollscoile Chorcaí (CUF) agus COC Lón na mBronntóirí den chéad uair inar seoladh an **Tuairisc** ar Thionchar an Daonchairdis.

**Feachtas Tiomsaithe Airgid COC**
Tá COC ag brath roimhe chun mórfheachtas tiomsaithe airgid a ullmhú. Tá creat forbartha chun tosaíochtaí institiúideacha ó thaobh an daonchairdis de a thabhairt chun solais. Fuarthas 80 togra ó aonaid éagsúla in COC agus cuireadh 29 tionscadal as a measc ar an bhfadliosta le haghaidh an fheachtais. Tá cásanna tacaíochta á bhforbairt roimh staidéar féidearthachta i ndáil le tiomsú airgid a dhéanamh sa bhliain 2023.









# Cónasctha
## LE HAGHAIDH IN BHUANAITHEACHTA

## Ranguithe agus Dámhachtainí

I mí Mheán Fómhair 2022 bunaíodh oifig nua laistigh d'Oifig an Uachtaráin, an Oifig um Inbhuanaitheacht agus Gníomhú ar son na hAeráide, chun barr feabhais a chur ar dhea-theist agus dul chun cinn COC mar ollscoil ghlas, rud a léiríonn an bhéim straitéiseach a leagann an ollscoil ar chúrsaí inbhuanaitheachta. Tá COC mar cheannródaí earnála ó thaobh na hinbhuanaitheachta de agus na SDGanna leabaithe i bhfoghlaim, teagasc, taighde agus oibríochtaí. Tá gníomhaíochtaí taighde na hollscoile mapáilte ar na 17 gCuspóir Forbartha Inbhuanaithe de chuid na Náisiún Aontaithe agus i mí na Samhna 2021, seoladh **Sraith Straitéisí** Theagasc na SDGanna de chuid COC.

Luaigh Tionchar Acadúil na Náisiún Aontaithe an tsraith straitéisí chéanna mar chás-staidéar den chleachtadh is fearr agus luadh leis í i bPlean Feidhmithe SDGanna 2022 de chuid rialtas na hÉireann.

Is é COC an t-aon ollscoil in Éirinn a bhfuil an stádas aici mar bhreathnóir ar Chomhdháil Chreata na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide agus thaistil toscaireacht d'ochtar, idir bhaill foirne agus mhic léinn, go dtí cruinniú COP26 i nGlaschú i mí na Samhna 2021. Eagraíodh imeacht bréagach COP ar an gcampas mar ar ghlac mic léinn agus iad ag seasamh do thíortha éagsúla páirt i gcomhchainteanna bréagacha. Glach baill foirne agus mic léinn dár gcuid páirt i dTionól Aeráide COC, an chéad tionól den sórt sin riamh, agus díríodh ann ar na nithe a d'fhéadfaimis feabhas a chur orthu i ndiaidh na paindéime. Nocht COC freisin múrphictiúr leis an ealaíontóir áitiúil Kevin O'Brien a bhí coimisiúnaithe go speisialta. Seasann an múrphictiúr d'fhís dhearfach de chathair inbhuanaithe agus léirítear Corcaigh ann mar íomhá shamhlaíoch di féin amach anseo

I mí Mheán Fómhair 2022, seoladh Todhchaíochtaí COC: Inbhuanaitheacht go hoifigúil inar tairiscíodh 27 post acadúil lánaimseartha, an ról mar Leas-Uachtarán Comhlach um Inbhuanaitheacht agus Gníomhú ar son na hAeráide san áireamh. Bhain na poist seo le Coláiste na hEolaíochta, na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta Bia agus le Coláiste an Ghó agus an Dlí. Tá sé mar aidhm ag an gclár earcaithe seo cur chuige cruthaitheach, ionchuismitheach agus idirdhisciplíneach a chur chun cinn agus ceannaireacht chlaochlaithe a sholáthar a chuirfidh barr feabhais ar an taighde agus an teagasc bunaithe ar an taighde den chéad scoth a bhíonn ar siúl ag COC.

**An 8ú** **hollscoil is inbuanaithe ar domhan.**

UCC is ranked as the 8th most sustainable university in the world by the UI GreenMetric Ranking and 62nd for impact against the Sustainable Development Goals (SDGs) in the Times Higher Education Impact Rankings. UCC was named the *PWC/Business Post* most sustainable large organisation in May 2022.





# Cónasctha

## COMHIONANNAS, ÉAGSÚLACHT AGUS IONCHUIMSIÚ



**Ainmniú Sócmhainní**
Ainmíodh roinnt sócmhainní in ómós do mhná le linn 2021/2022/ I mí Feabhra 2022, mar cheiliúradh ar Lá Innealtóireachta na gCailíní, ainmníodh Áras na hInnealtóireachta Sibhialta i ndiaidh an chéad bhan-chéimí innealtóireachta in COC, Iris Ashley Cummins; sa Mhol, athainmníodh seomra G21 mar Sheomra Áine Uí Aoláin mar aitheantas ar an tsárobair a dhein Áine ar mhaithe le cur chun cinn an oideachais in Éirinn ag gach leibhéal, an t-ardoideachas san áireamh, agus athainmníodh an Institiúid um Thaighde Comhshaoil ar Bhóthar na Laoi in onóir don luibheolaí ceannródaíoch agus don Chorcaíoch mná Ellen Hutchins.

**Comhionannas Inscne**
Bronnadh Ollúnacht le Teicneolaíocht Chandamach ar an ollscoil faoi Thionscnamh Ceannaireachta Acadúla Sinsearaí na Roinne Ardoideachais (SALI) timthriall 2 le linn bhliain na tuarascála seo. Tá sé mar aidhm ag tionscnamh SALI tacú le hisnsitiúidí ardoideachais gníomh dearfach a dhéanamh chun dlús a chur lena gcuid cuspóirí agus aidhmneanna i leith comhionnanas inscne agus éagsúlachta agus iad a bhaint amach.

Bronnadh cúig dhámhachtain de chuid Athena SWAN ar Scoil na Ceimice, an Scoil Eolaíochtaí Bitheacha, Domhainchórais agus Comhshaoil, Scoil na Cógaisíochta, Scoil na Micribhitheolaíochta, agus Institiúid Náisiúnta Tyndall. Tá Institiúid Náisiúnta Tyndall ar an gcéad ionad taighde in COC ar bronnadh gradam Athena SWAN air.

Agus an bhéim fós á cur ar líon na dtaighdeoirí ban in COC a mhéadú, leanadh leis an gclár um Scileanna Gairmiúla na gCeannairí Taighde (mná amháin) le linn bhliain na tuarascála seo. Cuireann an clár seo ar chumas taighdeoirí ban na scileanna riachtanacha a shealbhú chun bheith mar cheannairí taighde rathúla agus chun cur le cothú a réimse léinn féin.

**Tionscadal id+**
Mar chuid de **Tionscadal id+**, in 2022, sheol COC dhá chlár nua a dearadh chun freastal ar na riachtanais a bhaineann le hoideachs iar-bhunscoile neamh-dheighilte le haghaidh daoine faoi mhíchumas intleachtúil: an Teastas i Saoránach Shóisialta agus an Teastas i gCleachtadh Míchumais Ionchuimsithigh. Gné lárnach den dá chlár is ea an deis do mhic léinn na dteastas dul i mbun staidéir i dteannta fochéimithe i modúil atá ann cheana féin i ndisciplíní éagsúla. Cuireann seo deis chorraitheach comhfhoghlama ar fáil, ina bhfoghlaimíonn an dá ghrúpa lena chéile, óna chéile agus mar gheall ar a chéile - rud a sheasann do ghaisce maidir le hoideachas ionchuimsitheach bríoch in earnáil an ardoideachais in Éirinn.

Mar thaca le cumasú ar fud na hearnála ar bhonn náisiúnta, tá punann dhigiteach d'acmhainní le haghaidh an teagaisc agus na foghlama ionchuimsithí sa bhreis- agus san ardoideachas á forbairt mar chuid de Thionscadal id+.

**COC Ionchuimsitheach – Dearadh Uilíoch á Leabú**
Is ann don **tionscadal COC** Inchuimsitheach chun rochtain ar an oideachas a chur ar fáil do chách. Tá se mar aidhm leis an tionscadal seo eispéireas gan uaim agus freagrúil a chruthú do gach mac léinn ach cur chuige Deartha Uilíoch á ghlacadh. Féachtar ar bhonn iomlánaíoch sa tionscadal seo ar thuras an mhic léinn agus cinntítear go n-áirítear gach mac léinn i dtiomantas COC do rochtain agus éagsúlacht. Ceapadh bainisteoir tionscadail sainiúil i mí na Samhna 2021, rud a fhágann go bhfuil COC mar cheannródaí chun fíor-thimpeallacht foghlama ionchuimsitheach a chruthú do chách.



**LADT+**
Agus Lá Náisiúnta Teacht Amach á cheiliúradh agus in ómós do Chathal Kerrigan agus an Dr Joan McCarthy, bunaitheoirí Gréasán Foirne LADT+ COC, osclaíodh Cosán an Bhogha Báistí i mí Dheireadh Fómhair 2021. In aice le leabharlann Boole ar an tslí go dtí gairdín na gcéadfaí, an tAonad um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú agus Oifig Aontas na Mac Léinn, is é an chéad chosán buan mar é in institiúid ardoideachais in Éirinn. I mí Márta, d'óstáil an ollscoil comhdháil faoi Shaol na Leispiach, arna comheagrú ag Gréasán Fóirne LADT+. I mí Iúil, bhí COC mar urraitheoir ar Bhród Chorcaí den chéad uair riamh faoin teideal #ProgressWithPride/#BogaimisLeBród.

**Comhionannas Ciníocha**
In 2021/2022, tugadh an chéad **ghradam** do COC mar Chara Lucht Taistil Chorcaí as an obair leanúnach atá ar siúl ag mórchuid ball foirne, scoileanna, rann, taighdeoirí agus mac léinn a bhfuil teagmháil déanta acu leis an lucht taistil i gcaitheamh na mblianta. Aithníodh sa ghradam chomh maith cuspóir na hollscoile chun líon na gcéimithe ón lucht taistil a mhéadú san ollscoil agus chun torthaí oideachais an lucht taistil a fheabhsú i gcoitinne.

**D FÓMHAIR 2021** — **Osclaíodh Cosán an Bhogha Báistí in COC.**

***Speak Out*: Ardán chun Tuairisc gan Ainm a Dhéanamh**
Seoladh an uirlis ar líne ***Speak Out*** i mí Feabhra chun gur féidir le mic léinn agus baill foirne tuairisc a dhéanamh gan ainm mar gheall ar bhulaíocht, cibear-bhulaíocht, ciapadh, leithcheal, iompar nó smacht comhéigneach, stalcaireacht, ionsaí, ciapadh gnéis, ionsaí gnéis agus éigniú. Tionscnamh náisiúnta is ea an uirlis chéanna agus í ar fáil in 17 n-insitiúid ardoidechais eile in Éirinn.

**Freagra COC ar Chás na hÚcráine**
De dheasca ionsaí na Rúise ar an Úcráin, tá líon mór daoine ag teitheadh ón gcoimhlint, iad gan dídean agus ar thóir a dtearmainn agus a gcosanta in Éirinn. Mar fhreagra air seo agus COC ina Ollscoil Tearmainn tiomanta, tá sé ag díriú ar thacaíocht a thabhairt do na baill nua seo dár bpobail agus sinn ag comhoibriú leis an rialtas áitiúil, gníomhaireachtaí na hearnála poiblí agus eagraíochtaí neamhrialtasacha d'fhonn teacht ar chuir chuige i gcomhar lena cheile ar bhonn áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.

Sa bhliain 2022, chruthaigh COC **Scéim** Ánrachta Tearmainn. Tugtar deis sa scéim seo do scoláirí agus baill foirne ó ollscoileanna agus institiúidí tríú leibhéal eile lasmuigh d'Éirinn, atá i mbaol de dheasca coimhlinte nó sáruithe eile ar a gcearta daonna, iarratas a dhéanamh ar ánracht sé mhí in COC. Is í seo an chéad ánracht mar í in earnáil an ardoideachais in Éirinn.

Anuas air sin, sheol ACE gearrchúrsa dar teideal '*Welcome to Ireland: An Introduction to student life in Ireland*' a bhfuil baint ag baill foirne agus mic léinn leis ar fud fad na hollscoile.







# Airgeadas

## For-Ráiteas ar Fheidhmiú Ioncaim Chuimsithigh 2021/2022

| | 30/09/2022 |
|---|---|
| | €'000 |
| Deontais an Stáit | 80,238 |
| Táillí Acadúla | 160,282 |
| Deontais agus conarthaí taighde | 102,141 |
| Amúchadh dheontais chaipitiúla an stáit | 10,202 |
| Ioncam oibríochta eile | 50,861 |
| Ioncam Úis | 34 |
| Ioncam Infheistíochta | 535 |
| Maoiniú iarchurtha le haghaidh pinsean | 44,122 |
| Síntiúis agus dearlaicí | 4,177 |
| Ioncam Iomlán | **452,592** |
| Costais foirne agus seirbhíse pinsin | 293,850 |
| Costais oibriúcháin eile | 103,201 |
| Costas pinsin agus úis eile | 33,083 |
| Luachlaghdú | 21,553 |
| Caiteachas Iomlán | **451,687** |
| Barrachas/(easnamh) roimh bhrabús/chailltea-nais eile | 905 |
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní seasta | (1) |
| Brabús ar dhiúscairt infheistíochtaí | - |
| Brabús/(caillteanas) ar infheistíochtaí | (170) |
| Barrachas/(esnamh) roimh cháin | **734** |

## Buaicphointí: Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach 2021/2022

- **€452.7 milliún** ab ea **Ioncam an Ghrúpa** Iomlán sa bhliain 2021/2022 i gcomparáid le €432 milliún in 2020/2021 - méadú de €20.7 milliún / 4.8%.
- **Tá deontais an stáit níos airde agus €12.3 milliún breise curtha leo** - an phríomhcúis leis seo ná méaduithe ar an Deontas Athfhillteach de €3.9 milliún, Deontas Déabhlóidithe de €2.8 milliún agus €2.3 milliún mar mhaoiniú ón gcomhaontú náisiúnta pá.
- Tháinig méadú de **c. €7.4 milliún** ar ioncam na dtáillí acadúla go dtí €160.2 milliún i gcomparáid le leibhéal na bliana roimhe agus cuirtear na 'Táillí in Aisce' de €47.9 milliún / 30% san áireamh arna n-íoc ag an stát, rud a léiríonn an fás leanúnach in earcú na mac léinn.
- €102.1 milliún atá i gceist le hIoncam Taighde agus **é 7.5% níos airde ná an bhliain roimhe** - rud a léiríonn go bhfuil gníomaíochtaí agus caiteachas taighde ag teacht chucu féin tar éis COVID-19.
- Léiríonn an méadú de **€7 milliún** in aghaidh na bliana ar ioncam oibríochta eile an téarnamh leanúnach ar ghníomhaíocht tráchtála tar éis COVID-19.
- Tá **glanchaiteachas iomlán** na bliana 2021/2022 ag **€451.7 milliún níos airde** ná an €427.7 milliún a gnóthaíodh in 2020/2021, sna príomh-mhodhanna caiteachais arna ngríosú ag boilsciú níos airde agus dámhachtainí náisiúnta pá.
- Mar thoradh air sin - deireadh na bliana 2022 barrachas **iomlán an ghrúpa is ea €742k**/Tuillimh roimh ús, cáin, luachlaghdú agus amúchadh €16.3 milliún.



## Ráiteas ar an Staid Airgeadais - Clár Comhardaithe

| | Comhdhlúite | |
|---|---|---|
| | 2022 | 2021 |
| | €'000 | €'000 |
| **Sócmhainní Neamh-reatha** | | |
| Sócmhainní Seasta | 688,897 | 687,819 |
| Sóchmainní Oidhreachta | 2,936 | 2,916 |
| Infheistíochtaí i bhFochuideachaí | - | - |
| Infheistíochtaí | 28,793 | 28,573 |
| | **720,626** | **719,308** |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Stoic | 632 | 397 |
| Féichiúnaithe | 41,651 | 54,961 |
| Infheistíochtaí | 70,813 | 54,405 |
| Airgead sa Bhanc | 63,821 | 55,239 |
| | **176,917** | **165,002** |
| **Creidiúnaithe: Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin** | **(271, 096)** | **(253, 213)** |
| **Glan-dliteanais reatha** | **(94,179)** | **(88,211)** |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | **626,447** | **631,097** |
| **Creidiúnaithe: Méideanna a bheidh dlite tar éis bliana** | **(379,686)** | **(383,523)** |
| Dliteanas sochair scoir | (1,388,310) | (1,939,100) |
| Sochar scoir infhála | 1,385,226 | 1,934,469 |
| **Glan-shóchmainní iomlána** | **243,677** | **242,943** |
| **Cúlchiste srianta** | | |
| Ioncam agus caiteachas – cúlchiste srianta | 23,447 | 23,219 |
| **Cúlchiste srianta** | | |
| Ioncam agus caiteachas – cúlchiste neamhshrianta | 220,230 | 219,724 |
| **Iomlán** | **243,677** | **242,943** |



## Buaicphointí: Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach 2021/2022

- Fás ar ghlan-sócmhainní **de €734k go dtí €243.7 milliún.**
- Staid airgid de €134.6 milliún ag deireadh na bliana 2022 - lena gcuimsítear táillí a íocadh roimh ré agus íocaíochtaí roimh ré ar mhaithe le Maoiniú Taighde agus Capitiúil.
- Laethanta airgid 109/sprioc 60·
- Tháinig méadú ar íosachtí baint in 2021/2022 de **€400k** - Iostas na Mac Léinn arna thacú ag HFA lúide aisíocaíocht iasachtaí atá ann cheana.
- Rinneadh athstruchtúrú ar iascachtaí bainc le linn na bliana - tosic go bhfuil Banc Uladh ag imeacht ó mhargadh na hÉireann. Is seasta iad na hiasachtaí go léir ó mhí an Mheithimh 2022 - agus ní bheidh neamhchosaint ann maidir le riosca rátaí úis.
- Is ag dul i laghadh atá féichiúnaithe in aghaidh na bliana **le €15 mhilliún** - tar éis maoiniú pinsin a fháil ón Údarás um Ard-Oideachas.
- Mhéadaigh creidiúnaithe gearrthéarmacha in 2021/2022 **le €15.5. Milliún** - de bharr uainíocht na n-íocaíochtaí a bhuí le gníomhaíochtaí taighde áirithe, dámhachtain náisiúnta pá, agus téarnamh ginearálta tar eis COVID-19.
- Áirítear i Raiteas an tSoláthair Airgeadais - Cúlchistí Neamhshiranta cúlchistí athluachála FA **de €134 milliún**, deontais caipitiúla nach dtagann ón státchiste a bhaineann le FRS103 de €101 milliún - seach-churtha ag Cúlchistí Ioncaim/Ciste Iontaobhais agus Cúlchistí Fhondúireacht Ollscoile Chorcaí a sheasann ag €15 mhilliún ar fad.



# Cumasú

## CEANGAL



**Gnóthaí Corparáideacha agus Dlíthiúla**
D'fhonn seirbhís níos lúfaire agus níos freagrúla a chinntiú don ollscoil, deineadh athbhreithniú seachtrach ar an Oifig um Ghnóthaí Corparáideacha agus Dlíthiúla (OCLA) agus a cuid feidhmeanna agus deineadh athstruchtúrú orthu le linn bhliain na tuarascála.

Bunaíodh ceithre aonad:

- Oifig an Rúnaí Chorparáidigh;
- an tAonad um Chomhlíonadh Dlíthiúil agus Faisnéise;
- an tAonad Rialála;
- an tAonad um Bainistíocht Riosca Fiontair.

Le linn bhliain acadúil 2021/2022:

- d'fhorbair OCLA creat conartha agus chuir comahirle ar fáil don Eagraíocht Dhomhanda Sláinte dá triail chliniciúil COVID-19 thar ceann na Roinne Sláinte ina raibh níos mó ná 25 compháirtí.
- Cuireadh Cód Rialála na nOllscoileanna, 2019 i bhfeidhm, rud a chruthaith crealtach maidir leis an gcleachtadh is fearr i rialáil chorparáideach ag ollscoileanna.
- Bhunaigh OCLA cur chuige bainistíochta riosca fiontair i dtaca le bainistíocht riosca, sláinte agus sábháilteacht, árachas agus bainistíocht éigeandála agus bhunaigh siadh an Coiste um Bainistíocht Riosca.
- Cuireadh críoch leis an éileamh seachaithe idir COC agus BSL tar éis deich mbliana. Chuathas i mbun athbhreithniú seachtrach ar an gCoiste Rialaithe agus a chuid coistí.
- Forbraíodh rialacháin nua mar thaca le hardú céime acadúil agus chun cnuas-fhostú a dheanamh i dtaca le Todhchaíochtaí COC agus chun earcú a fheabhsú as measc sealbhóirí deontais Chomhairle Taighde na hEorpa.



# Ballraíocht an Choiste Rialaithe

**Príomh-Oifigeach:**
An tOllamh John O'Halloran,
Uachtarán

**Cathaoirleach:**
An Dr Catherine Day

**Oifigigh Shinsearacha:**
An tOllamh Stephen Byrne, Cláraitheoir

**Ollúna/Comhollúna:**
An tOllamh Frédéric Adam
An tOllamh Nuala Finnegan
An tOllamh David Kerins
An tOllamh Anita Maguire
An tOllamh Barry O'Sullivan

**Foireann Acadúil:**
(seachas ollúna/comhollúna):
An tUas Michael Delargey
An Dr Finola Doyle-O'Neill
An Dr Angela Flynn
An Dr Heather Laird
An Dr Brian O'Flaherty

**Foireann (seachas foireann acadúil):**
An tUas Sinead Hackett
An tUas Gary Hurley
JP Quinn

**Mic léinn:**
Asha Woodhouse, Uachtarán, Aontas na Mac Léinn
Sinead Roche, Leas-Uachtarán, Aontas na Mac Léinn

**Mac Léinn Iarchéime:**
Srujani Dash, Oifigeach na nIarchéimithe,
Aontas na Mac Léinn

**Ainmnithe ó Eagraíochtaí Seachtracha:**
Dermot Breen (IBEC)
An tUas Colm Leen (Comhlachas Tráchtála Chorcaí)
An tUas John Fitzgibbons (Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí)
An tUas Margaret Lane (Áras Ceoldrámaíochta Chorcaí)

**Ainmnithe ón Aire Oideachais agus Eolaíochta**:
An tOllamh Maeve Conrick
An tUas Fionuala McGeever
An tUas Rose McHugh
An tUas Bride Rosney

**Céimithe:**
An tUas Owen Dinneen
An tUas Michelle Healy
An tUas Jennifer O'Sullivan

**Ard-Mhéara Chorcaí:**
An Comhairleoir Colm Kelleher

**Méara Chathair agus Chontae Phort Láirge:**
An Comhairleoir Joe Kelly

**Ainmithe ó Ollscoil na hÉireann:**
An Dr Valerie Mannix Boyle
An Dr Dermot O'Mahoney

**Ainmithe ó Chomhairlí na gContaetha Riaracháin:**

| | |
|---|---|
| Corcaigh | An Comhairleoir Bernard Moynihan |
| Cathair agus Contae Phort Láirge | An Comhairleoir Seamus Ryan (Méara Cheantar Uirbeach Chathair Phort Láirge) |
| Ciarraí | An Comhairleoir John Francis Flynn |
| Luimneach | An Comhairleoir Jerry O'Dea |
| Tiobraid Árann | An Comhairleoir Michael Fitzgerald |

# Spléachadh ar COC

**7,221**
Bronnadh Céimeanna

**Sa chéad 1.1%**
d'Ollscoileanna ar fud an Domhain

**22%**
de Mic Léinn ar Chosáin Rochtana

Ioncam Taighde Dhírigh de
**€102.1 milliún**

**An 8ú**
Ollscoil is Inbhuanaithe ar Domhan

Ioncam iomlán de
**€452.7 milliún**

**3,200**
Ball Foirne Acadúil, Taighde agus Riaracháin

**4,000**
Mac Léinn Idirnáisiúnta as 138 tír

**23,617**
Mac Léinn Chláraithe

**16,859**
Mac Léinn Fochéime

**7,336**
Mac Léinn Iarchéime

**117**
Cumann

**1/3**
den Fhoireann Acadúil ón Iasacht

**2,343**
Mac Léinn in Aosoideachas Leanúnach

**200,000+**
Alumni ar fud an Domhain

**49**
Club